2025.M86T

2025L008G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

Dé Luain 23 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

Scrúduimhir

Dáta Breithe

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den sórt sin go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir rud ar bith a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Ceisteanna Spreagtha<br>• Freagair **gach** ceist. | 300 marc |

Tá íomhánna le haghaidh Cheisteanna 1-6 agus le haghaidh Cheisteanna 8 agus 9 i Roinn A ar **Pháipéar X** a ghabhann leis an scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B** | Freagraí Fada | 100 marc |
| | • Freagair Ceist 11. | (50 marc) |
| | • Freagair ceist **amháin** as Ceisteanna 12-16. | (50 marc) |

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí, etc., a tharraingt, nuair is cuí, sa spás bán lena n-aghaidh ar lch. 21 i Roinn B.

## Roinn A — Ceisteanna Spreagtha — 300 marc

Freagair na **deich** gceist a leanas go léir. Tá tríocha marc ag gabháil le gach ceist.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeisteanna 1-6 agus i gCeisteanna 8 agus 9.

**Ceist 1** **(30 marc)**

Léirítear dealbh de dhia de chuid na Sean-Ghréige in Íomhá A.

**(a)** Líon isteach an ghreille thíos le heolas faoin dia in Íomhá A.

| Ainm Gréagach | Ainm Rómhánach | Siombail |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Tabhair **trí** fhíric eile faoin dia in Íomhá A.

**(c)** Scríobh faoi mhiotas a bhaineann le h**aon** dia/ **aon** bhandia de chuid na Sean-Ghréige nó na Sean-Róimhe. Is ceadmhach duit scríobh faoin dia in Íomhá A.

**Ceist 2** **(30 marc)**

Léirítear dhá theampall éagsúla in Íomhá B agus Íomhá C.

**(a)** Tabhair ainm gach teampaill **agus** a shuíomh.

| | Ainm | Suíomh |
|---|---|---|
| **Íomhá B** | | |
| **Íomhá C** | | |

**(b)** Déan trácht ar an gcruth neamhghnách atá ar cheann **amháin** de na teampaill seo, agus úsáid sonraí a léirítear san íomhá.

An íomhá a roghnaíodh:

**(c)** Cén teampall is áille, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 3** **(30 marc)**

In Íomhá D, Íomhá E agus Íomhá F léirítear fíoracha a mbaineann gach ceann acu leis an saol eile sa tSean-Ghréig.

**(a)** Roghnaigh **dhá** íomhá agus líon isteach an ghreille thíos.

| An Íomhá a Roghnaíodh | Ainm na fíorach | An ról a bhaineann leis an saol eile |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhghnéithe i sochraidí na Sean-Ghréige **nó** na Sean-Róimhe.

**(c)** Luaigh **dhá** bhealach ina bhfuil cleachtais adhlactha na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe cosúil le cleachtais adhlactha sa lá atá inniu ann.

1.

2.

**Ceist 4** **(30 marc)**

In Íomhá G léirítear Aeinéas ag seoladh amach ón gCartaig, bunaithe ar Leabhar 4 san *Aeinéid* le Veirgil.

**(a)** Cé hí an bhean a léirítear ar barr ar chlé in Íomhá G?

**(b)** An dóigh leat go léiríonn Íomhá G drámatúlacht agus mothúchán an radhairc san *Aeinéid* le Veirgil? I do fhreagra tagair d'Íomhá G **agus** do do chuid eolais ar an *Aeinéid*.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an tréimhse a chaith Aeinéas sa Chartaig.

**Ceist 5** **(30 marc)**

In Íomhá H léirítear Aitéiné, Péinealaipé agus a cuid cailíní aimsire i radharc ón *Odaisé* le Hóiméar.

**(a)** Cuir tic sa bhosca cuí i ngach cás le taispeáint an bhfuil na ráitis seo Fíor **nó** Bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá Péinealaipé sásta nach bhfuil Odaiséas tagtha abhaile. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is minic a thugtar duine críonna, stuama nó cliste ar Phéinealaipé san *Odaisé* le Hóiméar. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá taiséadach á fhí ag Péinealaipé do Laertes, athair Ódaiséis. | ☐ | ☐ |

**(b)** Conas is féidir leat Aitéiné a aithint in Íomhá H?

**(c)** Conas a thacaíonn Aitéiné le Péinealaipé san *Odaisé* le Hóiméar?

**(d)** An dóigh leat go bhfuil Péinealaipé laochúil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 6** **(30 marc)**

In Íomhá I léirítear leathnú impireacht Alastair Mhóir.
In Íomhá J léirítear an leathnú a rinne Iúil Caesar ar chríoch na Róimhe.

Freagair **(a)** nó **(b).** Cuir tic in aice an bhosca a roghnaigh tú.

**(a)** Mínigh **dhá** straitéis a d'úsáid Alastar Mór chun a impireacht a leathnú.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra do straitéisí míleata, polaitiúla nó taidhleoireachta. ☐

**nó**

**(b)** Mínigh **dhá** straitéis a d'úsáid Iúil Caesar chun a chuid cumhachta a leathnú sa Róimh.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra do straitéisí míleata, polaitiúla nó taidhleoireachta. ☐

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7** **(30 marc)**

Léigh an sliocht as *Ré Alastair* le Plútarc.

> Is é saol Alastair an rí, agus Chaesair, a chuir Poimpéas as cumhacht, atá á scríobh agam sa leabhar seo. Tá iliomad na ngníomhartha atá le plé chomh mór sin nach ndéanfaidh mé aon iarratas eile ar mo chuid léitheoirí seachas gan a bheith ag gearán mura n-insím gníomhartha gaisce go léir na bhfear seo.

**(a)** I d'fhocail féin, mínigh brí na línte seo.

**(b)** Déan cur síos ar éacht nó gníomh mór le rá **amháin** a rinne Alastar Mór **nó** Iúil Caesar.

**(c)** Cén fáth ar pearsa staire chomh cáiliúil sin é Alastar Mór **nó** Iúil Caesar, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 8** **(30 marc)**

In Íomhá K agus Íomhá L léirítear siamsaíocht Rómhánach de chineálacha éagsúla.

**(a)** Tabhair ainm na n-imeachtaí a léirítear in Íomhánna K agus L **agus** na bhfoirgnimh ina mbíodh siad ar siúl sa tSean-Róimh.

| | Ainm an imeachta | Ainm an fhoirgnimh |
|---|---|---|
| **Íomhá K** | | |
| **Íomhá L** | | |

**(b)** An raibh eispéiris an lucht féachana éagsúil ag an dá imeacht seo? Mínigh do fhreagra.

**(c)** An dóigh leat go raibh tóir ar na cineálacha siamsaíochta seo sa tSean-Róimh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**(d)** Cén saghas imeachta ba contúirtí, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra.

**Ceist 9** **(30 marc)**

In Íomhá M léirítear rogha mascanna amharclainne de chuid na Sean-Ghréige.

**(a)** Tabhair **dhá** chúis ar chaith aisteoirí sa tSean-Ghréig mascanna ar nós na gceann sin a léirítear in Íomhá M.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** ghné eile d'amharclann na Sean-Ghréige a mbeadh tionchar drámatúil acu ar eispéireas an lucht féachana.

**(c)** Cérbh é Diníseas **agus** cén ceangal a bhí aige leis an Traigéide Ghréagach sa tSean-Aithin?

**Ceist 10** **(30 marc)**

Tógadh Sliocht A as *Méidé* le hEoiripidéas. Tógadh sliocht B as *Philoctetes* le Sofaicléas.
Freagair na ceisteanna faoi Shliocht A **nó** faoi Shliocht B**.**
Cuir tic sa bhosca chun an sliocht a roghnaigh tú a thaispeáint.

**Sliocht A:** *Méidé* le hEoiripidéas ☐

An buille seo atá buailte orm, ní fhéadfaí a bheith ag súil leis. Tá mo chroí cloíte aige. Níl pléisiúr ar bith fágtha sa saol, a chairde dhil. Teastaíonn uaim bás a fháil. Ba é Iasón gach a raibh sa saol agam; is maith is eol sin dó. Anois tá cruthaithe aige gurb é an fear is suaraí amuigh.

**Sliocht B:** *Philoctetes* le Sofaicléas ☐

Ná bíodh faitíos ort agus cúlú
Uaim de bharr mo chuma fhiáin. Ní hé,
Ach glac trua d'annacróir ainnis – aonarach, tréigthe,
Gortaithe go deacrach, gan oiread is cara le fóirithint orm.
Ceapaim go bhfuil sibh tagtha mar chairde. Abraigí rud éigin liom.

**(a)** Tabhair ainm an charachtair atá ag labhairt sa sliocht a roghnaigh tú.

| |
|---|
| |

**(b)** Cad a fhoghlaimíonn tú faoin gcarachtar seo ón sliocht a roghnaigh tú? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Ainmnigh téama nó teachtaireacht sa sliocht a roghnaigh tú **agus** mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach sa dráma.

| |
|---|
| An Téama/An Teachtaireacht: |
| |
| An tábhacht: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** An bhfuil comhbhá agat le haon charachtar i *Méidé* le hEoiripidéas **nó** in *Philoctetes* le Sofaicléas? Tacaigh le do fhreagra le sampaí ón téacs a roghnaigh tú **agus/nó** radharcanna eile sa dráma a ndearna tú staidéar orthu.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar lch. 14.

## Roinn B — Freagraí Fada — 100 marc

**Ceist 11** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** ar ne leathanaigh a leanas.

Léigh an sliocht seo as *Óid 3.29* le Horáit.

> Tuarann Dia gach tráth atá le teacht agus ceileann
> an méid a thiocfaidh faoi cheo agus dorchadas.
> Bíonn meangadh air má dhéanann daoine daonna
> an iomarca imní. Bí cinnte agus caith go calma
> leis an méid atá anseo. Gach ní eile
> gluaiseann thart mar abhainn …
> Beidh fear sona agus i bhfeighil ar a shaol
> más féidir leis a rá ag deireadh gach lae,
> 'Chaith mé saol'. Amárach féadfaidh an tAthair Iúpatar
> an spéir a líonadh le scamall dorcha.

**(a)** Cad iad na línte sa sliocht seo a chuireann síos ar thuairimí Horáit ar cheann **amháin** de na pointí a leanas, an dóigh leat? Mínigh do fhreagra.

- toil Dé agus an chinniúint
- cinneadh daonna agus freagracht dhaonna

| |
|---|
| Na Línte: |
| |
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo.

**(i)** Céard a d'fhoghlaim tú faoi thábhacht 'saol maith a chaitheamh' ó bheith ag déanamh staidéir ar fhilíocht Horáit? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat do dhán **amháin ar a laghad** a ndearna tú staidéar air.

**NÓ**

**(ii)** Céard í an teachtaireacht is tábhachtaí in *Críotó* le Platón, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**NÓ**

**(iii)** Cad iad na dearcthaí is mó a dtagann tú leo maidir le 'saol maith a chaitheamh', dearcadh Horáit **nó** dearcadh Shócraitéas? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat d'fhilíocht Horáit **nó** *Críotó* le Platón.

Spás don Phleanáil más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist 11 (b), cuid

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos.

**Ceist 12** **(50 marc)**

Bunaithe ar an staidéar a rinne tú ar an drámaíocht agus an mórthaibhsiú, cén saghas siamsaíochta, Gréagach nó Rómhánach, arbh fhearr leat freastal uirthi? I do fhreagra, pléigh **ar a laghad** saghas **amháin** siamsaíochta.

**NÓ**

**Ceist 13** **(50 marc)**

Pléigh an méid a d'fhoghlaim tú ón Léann Clasaiceach faoi chúrsaí creidimh sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh. Tabhair samplaí as Snáith(eanna) **ar bith** ar do chúrsa mar thacaíocht le do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 14** **(50 marc)**

Cé acu laoch, Aeinéas **nó** Odaiséas, is fearr a thugann dea-shampla, dar leat? Tabhair samplaí as an *Aeinéid* **nó** an *Odaisé* mar thacaíocht le do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 15** **(50 marc)**

Pléigh an chaoi a gcaitheann Alastar Mór leis na Peirsigh **nó** an chaoi a gcaitheann Iúil Caesar leis na Gallaigh. Tacaigh le do fhreagra le samplaí ón staidéar a rinne tú ar Alastar **nó** ar Chaesar.

**NÓ**

**Ceist 16** **(50 marc)**

An dóigh leat go raibh ról tábhachtach ag an gCór i *Méidé* le hEoiripidéas **nó** i *Philoctetes* le Sofaicléas? Tacaigh le do fhreagra le samplaí as an dráma **agus/nó** as an gcaoi ar cuireadh i láthair ar stáitse é.

Spás don Phleanáil más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Spás breise freagartha:

| Spás breise freagartha: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

## Admhálacha:

### Téacsanna

Lch 9: Plutarch. *The Age of Alexander*. Trans. I. Scott-Kilvert, Ed. G. T. Griffith. London: Penguin Books, 1973. [adapted]

Lch 12: Euripides. *Medea*. Trans. P. Vellacott. London: Penguin Books, 1963.

Lch 12: Sophocles. *Philoctetes.* Trans D. Raeburn. London: Penguin Books, 2008.

Lch 14: Horace: *The Complete Odes and Epodes.* Trans D. West. Oxford 1997.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 23 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30